



AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA

AN CHOMHAIRLE

**Strasbourg, 7 Bealtaine 2025
(OR. en)**

**2018/0198(COD)
LEX 2441**

PE-CONS 10/25

**COH 48
CADREFIN 32
CODEC 454**

RIALACHÁN

**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
MAIDIR LE hIONSTRAIM UM FHORBAIRT
AGUS FÁS NA RÉIGIÚN TEORANN
(BRIDGEFOREU)**

RIALACHÁN (AE) 2025/...
Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 7 Bealtaine 2025

maidir le hionstraim um fhorbairt agus fás na Réigiún Teorann (BRIDGEforEU)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 175 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint do na tuairimí ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint do na tuairimí ó Choiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach³,

¹ IO C 440, 6.12.2018, lch. 124 agus IO C, C/2024/4060, 12.7.2024,
ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2024/4060/oj>.

² IO C 86, 7.3.2019, lch. 165 agus IO C, C/2023/1326, 22.12.2023,
ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2023/1326/oj>.

³ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Feabhra 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)
agus seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 24 Márta 2025 (nár foilsíodh fós san Iris
Oifigiúil). Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an ... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 174 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a bhaint amach, déantar foráil in Airteagal 175, an tríú mír, CFAE maidir leis an bhféidearthacht gníomhaíochtaí sonracha a ghlacadh lasmuigh de na Cistí dá dtagraítear in Airteagal 175, an chéad mhír, CFAE. Thairis sin, leis an gcomhar críochach, cuirtear leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 174 CFAE. Is iomchuí, dá bhrí sin, na bearta is gá a ghlacadh chun feabhas a chur ar na dálaí chun gníomhaíochtaí comhair chríochar a chur chun feidhme.
- (2) In Airteagal 174, an tríú mír, CFAE, aithnítear go bhfuil dúshlán áirithe roimh réigiúin trasteorann agus déantar foráil ann go bhfuil an tAontas le haird faoi leith a thabhairt ar na réigiúin sin, agus gníomhaíochtaí á bhforbairt agus á saothrú aige a mbeidh neartú ar chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais mar thoradh orthu.

- (3) I dteachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Meán Fómhair 2017 dar teideal *Boosting growth and cohesion in EU border regions* [Borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcomhtháthú i réigiúin teorann an Aontais Eorpaigh], aithníodh an dul chun cinn atá déanta go dtí seo maidir le réigiúin den sórt sin a athrú ó limistéir imeallacha den chuid is mó go limistéir fáis ina bhfuil deiseanna ar fáil, ach cuireadh i dtábhacht freisin na constaicí dlíthiúla agus eile atá fós ann sna réigiúin sin, go háirithe constaicí a bhaineann le seirbhísí sláinte, rialáil saothair, cánacha agus forbairt gnó, agus constaicí atá nasctha le héagsúlachtaí i gcreataí náisiúnta dlíthiúla agus i gcultúir riaracháin. Cistiú an chomhair chríocheaigh Eorpaigh, a sholáthraítear go háirithe i gcomhthéacs na gclár ‘Interreg’ a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴, agus an tacaíocht institiúideach don chomhar a sholáthraíonn grúpálacha Eorpacha um chomhar críochach (‘EGTCanna’) a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ nó a sholáthraítear leis an tionscnamh ‘b-solutions’ a sheol an Coimisiún in 2018, ní leor iad chun aghaidh a thabhairt ar réiteach a fháil ar roinnt de na constaicí riaracháin agus dlíthiúla a chuireann bac ar chomhar éifeachtach.

⁴ Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh (IO L 231, 30.6.2021, lch. 94, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1059/oj>).

⁵ Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le grúpáil Eorpach um chomhar críochach (EGTC) (IO L 210, 31.7.2006, lch. 19, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1082/oj>).

- (4) Tá baol ann go ndéanfar difear díréireach do réigiúin trasteorann tráth géarchéime. Le linn phaindéim COVID-19, bhí an tionchar diúltach eacnamaíoch ar réigiúin trasteorann mar gheall ar bhearta a bhaineann le teorainneacha a ghlac na Ballstáit níos mó ná dhá oiread an mheántionchair ar réigiúin uile an Aontais i dtéarmaí caillteanas ó thaobh OTI de. Leis an taithí sin, treisítear an gá atá le bealach a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar chonstaicí trasteorann.
- (5) Is deacair do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar bhacainní agus neamhréireachtaí de chineál dlíthiúil nó riaracháin ina n-aonar, bacainní agus neamhréireachtaí a thagann chun cinn ag teorainneacha inmheánacha an Aontais agus a d'fhéadfadh an bonn a bhaint d'idirghníomhaíocht trasteorann agus d'fhorbairt réigiún trasteorann. Dá bharr sin, ba cheart teacht ar bhealach chun na constaicí sin a réiteach agus ba cheart é sin a éascú trí chreat soiléir cuimsitheach a phiolótú ar leibhéal an Aontais a chuirfeadh ar chumas na mBallstát comhoibriú agus a gcuid iarrachtaí a chomhordú. Ba cheart rogha a bheith ag na Ballstáit dul i muinín an chreata a bhunaítear faoin Rialachán seo.
- (6) I gcás ina gcinneann na Ballstáit dul i muinín an chreata sin, ba cheart dóibh a bheith faoi cheangal caighdeán coiteann.

- (7) Ina mheasúnú ar shonraí ón tréimhse 2014-2019, fuarthas amach sa staidéar ábhartha ar Mheasúnú Breisluacha Eorpaigh a rinne Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa go mbeadh tairbhí suntasacha ann do réigiúin teorann NUTS 3 agus do gheilleagar iomlán an Aontais dá réiteofaí constaicí trasteorann. Níos cruinne fós, bheadh an sochar oll-bhreisluacha (OBL) iomlán thart ar EUR 457 mbilliún in aghaidh na bliana mar thoradh ar na bacainní dlíthiúla agus riaracháin uile a réiteach, arb ionann é agus 3,8 % d'oll-bhreisluch iomlán an Aontais le haghaidh 2019. Is é an toradh a bheadh ann dá ndéanfaí 20 % de na constaicí trasteorann a réiteach do na réigiúin teorann uile sochar iomlán de EUR 123 bhilliún d'oll-bhreisluch in aghaidh na bliana, arb ionann é agus thart ar 1 % d'oll-bhreisluch iomlán an Aontais le haghaidh 2019, chomh maith le sochar fostaíochta de 1 mhilliún post arb ionann é agus thart ar 0,5 % den fhostaíocht iomlán ar leibhéal an Aontais.
- (8) Cé go bhfuil roinnt uirlisí dlí ann cheana chun constaicí trasteorann a réiteach ar an leibhéal idir-rialtasach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil i réigiúin áirithe de chuid an Aontais, ní chumhdaítear leo gach réigiún teorann san Aontas ná ní gá i gcónaí go dtugtar aghaidh leo ar shaincheistanna a bhaineann le comhtháthú críochach a fhorbairt agus a neartú ar bhealach comhsheasmhach. Leis an Rialachán seo, comhlánaítear na huirlisí atá ann cheana trí bhíthin creat breise arna bhunú le dlí an Aontais lena n-áirítear an Uirlis um Éascú Trasteorann.

- (9) Chun go mbeidh sé níos éasca comhaid a bhaineann le constaicí trasteorann a láimhseáil, ba cheart do na Ballstáit a chinn an creat a chur i bhfeidhm pointe comhordúcháin trasteorann amháin nó níos mó a bhunú, lena gcumhdaítear réigiún teorann amháin nó níos mó de chuid na mBallstát sin. Ba cheart na pointí comhordúcháin trasteorann sin a bheith freagrach as comhaid trasteorann a fháil agus tionscnóirí a chur ar an eolas. Ba cheart do na pointí comhordúcháin trasteorann idirchaidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún agus tacú lena ról comhordúcháin. Ba cheart do na Ballstáit a chinneadh, i gcomhréir lena gcreat dlíthiúil, riaracháin agus institiúideach féin, ar cheart cúraimí breise a chur de chúram ar an bpointe comhordúcháin trasteorann, amhail measúnú ar chomhaid trasteorann, nó ar cheart gurb é údarás inniúil a dhéileálfadh leis na cúraimí sin.
- (10) I gcás nach mbunaíonn Ballstát pointe comhordúcháin trasteorann, ba cheart dó faisnéis faoin údarás ábhartha a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart é a bheith indéanta dul i dteagmháil leis an údarás ábhartha sin agus faisnéis a fháil ó phointe comhordúcháin trasteorann de chuid Ballstáit chomharsanaigh a bhfuil comhad trasteorann á láimhseáil aige. I gcás ina dtéann pointe comhordúcháin trasteorann de chuid Ballstáit chomharsanaigh a bhfuil comhad trasteorann á láimhseáil aige i dteagmháil le húdarás ábhartha nó i gcás ina bhfaigheann an t-údarás ábhartha faisnéis ó phointe comhordúcháin trasteorann den sórt sin, níor cheart é a bheith ina chúis leis an údarás ábhartha a bheith faoi oibleagáid faoin Rialachán seo constaic thrasteorann a réiteach. Go háirithe, níor cheart a cheangal ar an údarás sin scrúdú a dhéanamh ar an gcomhad ná freagra a thabhairt don tionscnóir.

- (11) Chun tacú le pointí comhordúcháin trasteorann a bhunú, d'fhéadfadh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh acmhainní ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a leithdháileadh faoi chlár Interreg de bhun Airteagal 14(4), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/1059 agus acmhainní ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa nó ón gCiste Comhtháthaithe a leithdháileadh, de réir mar is iomchuí, faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis de bhun Airteagal 3, mír 4, pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶.
- (12) Ba cheart nár dhochar cur i bhfeidhm an Rialacháin seo do chur i bhfeidhm an dlí náisiúnta nó comhaontuithe idirnáisiúnta idir na Ballstáit lena bhforáiltear do nósanna imeachta coibhéiseacha.
- (13) D'ainneoin gur de chineál éagsúil iad réigiúin teorann muirí agus réigiúin teorann talún, ós rud é go bhfuil na féidearthachtaí le haghaidh idirghníomhaíochtaí trasteorann níos teoranta, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo freisin maidir le réigiúin teorann muirí. I gcás ina bhfuil teorainneacha talún agus muirí araon ag Ballstát le Ballstáit eile agus ina gcinneann sé pointe comhordúcháin trasteorann amháin nó níos mó a bhunú, níor cheart a cheangal ar an mBallstát sin pointe comhordúcháin trasteorann a bhunú le haghaidh teorainn mhuirí a roinntear le Ballstát eile. Níor cheart a cheangal ar na Ballstáit nach bhfuil acu ach teorainneacha muirí le Ballstáit eile pointe comhordúcháin trasteorann a bhunú ná faisnéis faoin údarás ábhartha nó aon fhaisnéis a cheanglaítear leis an larscríbhinn a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

⁶ Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe (IO L 231, 30.6.2021, lch. 60, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1058/oj>).

- (14) Cé nach bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir le constaicí trasteorann i réigiúin teorann idir na Ballstáit agus tríú tíortha, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann creataí nós imeachta coibhéiseacha a chur ar bun faoin dlí náisiúnta chun constaicí trasteorann dlíthiúla agus riaracháin a shainaithint agus a réiteach ina gcomhar le tríú tíortha.
- (15) Tá roinnt uirlisí neamhbhreithiúnacha ar fáil ar leibhéal an Aontais chun faireachán a dhéanamh ar dhlí an Aontais agus chun é a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear go háirithe na huirlisí sin atá nasctha leis an margadh aonair, amhail SOLVIT⁷. Ba cheart nár dhochar an Rialachán seo d'uirlisí den sórt sin. Níor cheart feidhm a bheith ag an gcreat dá bhforáiltear sa Rialachán seo ach maidir le constaicí trasteorann a eascraíonn as forálacha nó cleachtais reachtacha nó riaracháin, lena n-áirítear na forálacha nó na cleachtais sin a chuireann dlí an Aontais i bhfeidhm i gceart ach ar bhealach éagsúil, a d'fhéadfadh bac neamhbheartaithe a chur ar phleanáil nó cur chun feidhme seirbhísí poiblí trasteorann nó bonneagair. Cásanna ina bhféadfadh sé go bhfuil dlí an Aontais á sárú ag údarás poiblí i mBallstát, níor cheart déileáil leo laistigh den chreat dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Ní dochar an Rialachán seo ach an oiread do na sásraí comhordúcháin a bhunaítear don tslándáil shóisialta nó don chánachas.

⁷ Moladh ón gCoimisiún 2013/461/AE an 17 Meán Fómhair 2013 maidir leis na prionsabail lena rialaítear SOLVIT (IO L 249, 19.9.2013, lch. 10, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reco/2013/461/oj>).

- (16) Chun constaicí trasteorann féideartha a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a shainaithint, is gá na cásanna a shainiú a cháilíonn mar idirghníomhaíochtaí trasteorann. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le haon bhonneagar le haghaidh gníomhaíochtaí trasteorann nó maidir le seirbhísí poiblí trasteorann. Is féidir le constaicí trasteorann difear a dhéanamh do bhonneagar a theastaíonn le haghaidh gníomhaíochtaí trasteorann, mar shampla i gcás inar ann do chaighdeán theicniúla éagsúla le haghaidh foirgneamh nó feithiclí, lena n-áirítear le haghaidh trealamh gaolmhar. Soláthraítear seirbhísí poiblí trasteorann ar bhonn fadtéarmach agus ba cheart é a bheith mar aidhm acu sochair a ghiniúint don phobal i gcoitinne nó do spriocghrúpa sonrach sa réigiún teorann ina soláthraítear an tseirbhís, agus ar an gcaoi sin dálaí maireachtála agus comhtháthú críochach a fheabhsú sna réigiúin sin.
- (17) Ba cheart gurb é tionscnóir, arb é atá ann eintiteas ar féidir leis a bheith de chineál príobháideach nó poiblí, a thíolacann comhad trasteorann. Chun láimhseáil comhad trasteorann a éascú agus chun líonra comhlachtaí náisiúnta a bhunú atá in ann idirchaidreamh a dhéanamh le chéile maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann pointe comhordúcháin trasteorann amháin nó níos mó a bhunú ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach. Ina theannta sin, ba cheart cead a bheith ag dhá Bhallstát chomharsanacha nó níos mó pointe comhordúcháin trasteorann comhpháirteach atá inniúil ar cheann amháin nó níos mó dá réigiúin trasteorann a bhunú.

- (18) Ba cheart an deis a bheith ag Ballstát pointe comhordúcháin trasteorann a bhunú mar chuid d'údarás, de chomhlacht dlí phoiblí nó d'eintiteas buan atá ann cheana, gan beann ar phearsantacht dhlítheanach a bheith ag an údarás, comhlacht nó eintiteas sin, go háirithe trí chúraimí pointe comhordúcháin trasteorann a chur de chúram air, nó mar údarás, comhlacht dlí phoiblí nó eintiteas buan ar leithligh. Mar shampla, d'fhéadfadh údaráis, comhlachtaí agus eintitis den sórt sin a bheith ina gcoistí um chomhar trasteorann nó ina gcoimisiúin um chomhar trasteorann, arna mbunú faoi chuimsiú conarthaí déthaobhacha comhair nó cairdis; ina gcoimisiúin idir-rialtasacha le haghaidh comhar trasteorann nó a rúnaíochtaí; ina gcomhairlí, rúnaíochtaí nó ardrúnaíochtaí, arna mbunú faoi chuimsiú comhaontuithe ilnáisiúnta maidir leis an gcomhar; ina n-oifigí náisiúnta comhordúcháin, lárionaid náisiúnta nó pointí teagmhála, nó struchtúir chomhchosúla arna mbunú faoi chuimsiú beartais earnálacha Eorpacha eile; agus ina n-údaráis de chuid an chláir Interreg agus EGTCanna.

- (19) Chun creat is coiteann do gach pointe comhordúcháin trasteorann a bhunú chun comhaid trasteorann a láimhseáil, is gá na cúraimí ba cheart do gach pointe comhordúcháin trasteorann a dhéanamh a shainiú. Ba cheart do phointe comhordúcháin trasteorann feidhmiú mar ‘ionad ilfhreastail’ do na tionscnóirí agus ba cheart dó a bheith mar an pointe teagmhála aonair don tionscnóir. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh sonraí teagmhála na bpointí comhordúcháin trasteorann ar fáil go poiblí agus go mbeidh siad infheicthe agus inrochtana. Chun gur féidir obair leantach a dhéanamh ar thoradh na gcomhad trasteorann agus chun trédhearcacht a mhéadú maidir le constaicí trasteorann a réiteach, ba cheart do phointí comhordúcháin trasteorann a bheith freagrach freisin as faisnéis a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Thairis sin, ba cheart oibleagáidí a leagan amach sa Rialachán seo maidir le comhordú, comhar agus malartú faisnéise idir na pointí comhordúcháin trasteorann éagsúla i mBallstát amháin agus idir pointí comhordúcháin trasteorann na mBallstát comharsanach.
- (20) Níor cheart do thionscnóir a bheith in ann comhad trasteorann a thíolacadh ach amháin má bhaineann an chonstaic le teorainn ar bunaíodh pointe comhordúcháin trasteorann amháin ar a laghad ina leith. Níor cheart don tionscnóir comhad trasteorann a thíolacadh ach aon uair amháin. I gcás ina dtíolacann tionscnóir eile i mBallstát eile comhad trasteorann a bhaineann leis an gconstaic thrasteorann chéanna, ba cheart do phointí comhordúcháin trasteorann na mBallstát sin idirchaidreamh a dhéanamh le chéile chun nósanna imeachta comhthreomhara a bhaineann leis an gconstaic thrasteorann chéanna a sheachaint.
- (21) D’fhéadfadh sé a bheith deacair, mar gheall ar chastacht an dlí náisiúnta is infheidhme, an fhoráil shonrach arb ionann í agus constaic thrasteorann a shainaithint. Bunaithe ar an taithí le b-solutions, níor cheart don tionscnóir, dá bhrí sin, ach tuairisc a thabhairt ar an staid agus ar an bhfadhb atá le réiteach.

- (22) Chun creat nós imeachta a bhunú lena n-áirithítear deimhneacht dhlíthiúil do thionscnóir comhaid trasteorann, ba cheart don phointe comhordúcháin trasteorann measúnú a dhéanamh ar an gcomhad trasteorann agus freagra a thabhairt don tionscnóir laistigh de teorainn ama réasúnta, ar teorainn ama í ba cheart, mar riail, a bheith bunaithe faoin dlí náisiúnta. I gcás nach ndéantar foráil sa dlí náisiúnta maidir le teorainn ama chaighdeánach chun freagra a thabhairt ar iarraidh choibhéiseach, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le teorainneacha ama iomchuí. Ba cheart tús a chur leis na teorainneacha ama sin ón dáta a fhaightear comhad trasteorann nó comhad trasteorann athbhreithnithe, lena n-áirítear i gcásanna ina bhfuarthas comhad tar éis aistriú ó phointe comhordúcháin trasteorann eile nó ó údarás inniúil eile.
- (23) D'fhéadfaí a bhaint de thátal as an anailís ar chomhad trasteorann nach ann d'aon chonstaic thrasteorann. I gcás den sórt sin, ba cheart an comhad trasteorann a dhúnadh.
- (24) A luaithe a dheimhnítear gur ann do chonstaic thrasteorann, ba cheart rogha a bheith ag na Ballstáit an uirlis iomchuí a roghnú chun an chonstaic thrasteorann a réiteach sa réigiún trasteorann lena mbaineann. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann brath ar aon chomhaontuithe idirnáisiúnta atá i bhfeidhm nó ar aon nós imeachta eile atá ann faoi dhlí an Bhallstáit lena mbaineann. I gcás ina measann an Ballstát sin nach gcuireann na hionstraimí atá ar fáil ar a chumas an chonstaic trasteorann a réiteach, ba cheart cead a bheith aige sásraí *ad hoc* a chruthú chun na críche sin. Ba cheart a bheith in ann é sin a dhéanamh ar bhonn aonair nó, más gá agus má chomhaontaítear é, i gcomhpháirt leis an mBallstát comharsanach. Ba cheart do na Ballstáit na cúiseanna atá leis na céimeanna measúnúcháin a glacadh a thabhairt agus roghanna féideartha maidir le sásamh dlíthiúil a chur in iúl, lena n-áirítear i gcásanna ina dtagann siad ar an tátal nach dtagann an chonstaic líomhnaithe a sainaitníodh sa chomhad trasteorann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

- (25) Ina theannta sin, ba cheart don phointe comhordúcháin trasteorann nó don údarás inniúil a bheith in ann úsáid a bhaint as an Uirlis um Éascú Trasteorann. Ós rud é go bhféadfadh toradh an nós imeachta a bheith beagán difriúil, ag brath ar chineál na constaice trasteorann, bíodh sí de chineál riaracháin nó de chineál reachtach, ba cheart é sin a chur san áireamh leis an Uirlis um Éascú Trasteorann. I gcás ina gcinneann an pointe comhordúcháin trasteorann nó an t-údarás inniúil an chonstaic thrasteorann a sainaitníodh a réiteach tríd an Uirlis um Éascú Trasteorann a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh sé gur gá comhordú a dhéanamh leis an mBallstát comharsanach. I gcás ina bhfuil an Ballstát lena mbaineann agus an Ballstát comharsanach araon toilteanach an nós imeachta reachtach is gá a sheoladh nó a bhforálacha nó cleachtais riaracháin a athrú, is féidir leis an gcomhordú sin a bheith i bhfoirm comhchoiste atá comhdhéanta d'ionadaithe ó na húdaráis inniúla agus ó phointí comhordúcháin trasteorann na mBallstát lena mbaineann.
- (26) Chun creat nós imeachta éifeachtach a sholáthar chun comhaid trasteorann a láimhseáil, ba cheart na céimeanna nós imeachta riachtanacha a leagan amach sa Rialachán seo, gan beann ar chineál na constaice, bíodh sí de chineál riaracháin nó de chineál reachtach. Mar thoradh ar na córais dlí éagsúla i mBallstáit chomharsanacha, is féidir constaic thrasteorann a bheith ann a cháilíonn mar fhoráil nó cleachtas riaracháin i mBallstát amháin ach mar fhoráil reachtach sa Bhallstát eile. Dá bhrí sin, ba cheart do gach Ballstát a roghnú an nós imeachta iomchuí faoina chóras dlí féin a chur i bhfeidhm. Ba cheart do na Ballstáit chomharsanacha a nósanna imeachta faoi seach a chomhordú a mhéid agus is féidir. I gcás ina nglactar seasamh críochnaitheach ar chomhad, ba cheart an seasamh sin a chur in iúl don tionscnóir, in éineacht leis na cúiseanna leis sin.
- (27) Ní thugtar le tuiscint leis an Rialachán seo go bhfuil aon oibleagáid ar na Ballstáit constaic thrasteorann a réiteach.

- (28) Ba cheart cúraimí atá ábhartha maidir le faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar leibhéal an Aontais agus maidir le tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit, lena n-áirítear fothú acmhainneachta, a chur de chúram ar an gCoimisiún. Ba cheart don Choimisiún, go háirithe, tacú leis na pointí comhordúcháin trasteorann trí mhalartú taithí idir na pointí comhordúcháin sin a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, ba cheart a bheith in ann uirlisí atá bunaithe ar chúnamh teicniúil amhail b-solutions a bheith san áireamh leis an tacaíocht sin.
- (29) Chun gur féidir beartais fhianaisebhunaithe a cheapadh, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste na Réigiún agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Chun a áirithiú go mbaileofar fianaise leordhóthanach maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus na hUirlise um Éascú Trasteorann, ba cheart an tuarascáil sin a thíolacadh 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (30) Leis an Rialachán seo, urramaítear cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear i gChart um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') agus níl aon tionchar diúltach aige ar aon cheann de na cearta bunúsacha sin. Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an Rialachán seo constaicí trasteorann a réiteach, is féidir leis an ceart chun rochtain a fháil ar sheirbhísí ar mhaithe le leas eacnamaíoch ginearálta, mar a leagtar síos in Airteagal 36 den Chairt, agus an tsaoirse chun gnó a sheoladh, mar a leagtar síos in Airteagal 16 den Chairt, a chothú. Le raon leathan seirbhísí den sórt sin, is féidir an rochtain ar chúram sláinte a chothú freisin, mar a leagtar síos in Airteagal 35 den Chairt. Ar bhonn níos ginearálta, ós rud é gur rídhócha go mbainfidh seirbhísí iompair phoiblí trasteorann tairbhe as an Uirlis um Éascú Trasteorann, is féidir tionchar dearfach a bheith ag an Rialachán seo ar an tsaoirse gluaiseachta agus an tsaoirse cónaithe, mar a leagtar síos in Airteagal 45 den Chairt.

- (31) Is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil na Ballstáit tar éis tabhairt faoi thionscnaimh aonair, dhéthaobhacha agus fiú iltaobhacha chun constaicí trasteorann dlíthiúla a réiteach. Mar sin féin, níl na sásraí sin ann sna Ballstáit go léir nó níl siad ann do gach teorainn i mBallstát faoi leith. Anuas air sin, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr chineál trasteorann na gconstaicí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.
- (32) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú. Tá úsáid na hUirlise um Éascú Trasteorann faoin Rialachán seo roghnach do gach Ballstát. Ba cheart do Bhallstát cinneadh a dhéanamh, maidir le teorainn shonrach le Ballstát comharsanach amháin nó níos mó, constaicí trasteorann a réiteach trí uirlisí atá ann cheana atá curtha ar bun aige ar an leibhéal náisiúnta nó le Ballstát comharsanach amháin nó níos mó. Dá bhrí sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun comhar a éascú i réigiúin trasteorann,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Caibidil I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar

1. Leis an Rialachán seo, bunaítear creat chun sainaithint agus réiteach constaicí trasteorann a éascú, ar constaicí iad a chuireann bac ar bhunú agus feidhmiú aon bhonneagair atá riachtanach do ghníomhaíochtaí trasteorann poiblí nó príobháideacha, nó ar bhunú agus feidhmiú aon seirbhíse poiblí trasteorann a chuirtear ar fáil i réigiún trasteorann ar leith agus a chothaíonn comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach sa réigiún trasteorann sin.
2. Leis an gcreat dá dtagraítear i mír 1, forálfar go bhféadfar nós imeachta a thionscnamh maidir le constaic thrasteorann i mBallstát a chinneann pointe comhordúcháin trasteorann a bhunú i gcomhréir leis an Rialachán seo.
3. Leis an Rialachán seo, leagtar rialacha síos maidir leis an méid seo a leanas freisin:
 - (a) eagrúchán agus cúraimí pointí comhordúcháin trasteorann sna Ballstáit; agus
 - (b) cúraimí comhordúcháin an Choimisiúin.

Airteagal 2
Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le constaicí trasteorann i réigiúin teorann talún nó muirí i mBallstáit chomharsanacha.
2. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán maidir le constaicí trasteorann i réigiúin teorann idir na Ballstáit agus tríú tíortha.
3. Ní dochar an Rialachán seo d'aon ghníomh dlí eile de chuid an Aontais, go háirithe iad siúd is infheidhme maidir le réiteach neamhbhreithiúnach saincheisteanna dlí a eascraíonn as constaicí trasteorann agus maidir le léirmhíniú ceart nó cur chun feidhme ceart dhlí an Aontais.

Ní dochar é freisin do na sásraí comhordúcháin a bhunaítear don tslándáil shóisialta nó don chánachas.
4. Gan dochar d'inniúlachtaí an Aontais agus a Bhallstát faoi seach, féadfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) foráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta faoin dlí náisiúnta chun constaicí trasteorann a réiteach; agus
 - (b) comhaontuithe idirnáisiúnta nua a thabhairt i gcrích agus comhaontuithe atá ann cheana lena leagtar síos nósanna imeachta den sórt sin a mhodhnú.

Féadfaidh na Ballstáit sásraí *ad hoc* a chruthú freisin.

Airteagal 3
Sainmhínithe

1. Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
 - (1) ciallaíonn ‘idirghníomhaíocht trasteorann’:
 - (a) aon bhonneagar atá riachtanach do ghníomhaíochtaí trasteorann poiblí nó príobháideacha; nó
 - (b) bunú, feidhmiú nó soláthar aon seirbhíse poiblí trasteorann i réigiún trasteorann;
 - (2) ciallaíonn ‘constaic thrasteorann’ aon fhoráil reachtach nó riaracháin i mBallstát, nó aon chleachtas riaracháin a dhéanann údarás poiblí i mBallstát, a bhféadfadh drochthionchar a bheith aici nó aige ar idirghníomhaíocht trasteorann agus, ar an gcaoi sin, ar fhorbairt réigiúin trasteorann agus nach bhféadfaí dlí an Aontais a shárú leis;
 - (3) ciallaíonn ‘údarás inniúil’ comhlacht ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil a bhfuil sé de chumhacht aige gníomhartha atá ceangailteach ó thaobh dlí agus in-fhorfheidhmithe a ghlacadh i mBallstát a bhunaíonn pointe comhordúcháin trasteorann amháin nó níos mó;
 - (4) ciallaíonn ‘comhad trasteorann’ doiciméad atá ullmhaithe ag tionscnóir amháin nó níos mó agus atá curtha faoi bhráid pointe comhordúcháin trasteorann;

- (5) ciallaíonn ‘seirbhís phoiblí trasteorann’ gníomhaíocht a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail chun seirbhís a sholáthar i réigiún teorann atá lonnaithe ar thaobhanna éagsúla de theorainneacha Ballstáit chomharsanaigh amháin nó níos mó, nó chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna coiteanna nó ar acmhainneacht forbartha na réigiún sin, agus a chothaíonn comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach sa réigiún trasteorann lena mbaineann;
 - (6) ciallaíonn ‘tionscnóir’ aon eintiteas príobháideach nó poiblí a bhfuil baint aige le soláthar, oibriú, bunú nó feidhmiú aon seirbhíse poiblí trasteorann nó bonneagair ar theorainn a mbunaítear pointe comhordúcháin trasteorann amháin ar a laghad ina leith;
 - (7) ciallaíonn ‘údarás ábhartha’ aon údarás, comhlacht dlí phoiblí nó eintiteas buan laistigh de Bhallstát nach bhfuil aon phointe comhordúcháin trasteorann ann, ar féidir le pointe comhordúcháin trasteorann ó Bhallstát comharsanach teagmháil a dhéanamh leis maidir le comhad trasteorann.
- 2. Chun críocha an Rialacháin seo, cumhdófar freisin le tagairt don ‘údarás inniúil’ cásanna ina bhfuil níos mó ná údarás inniúil amháin laistigh den Bhallstát céanna inniúil nó a gcaithfear dul i gcomhairle leis.
 - 3. Chun críocha an Rialacháin seo, cumhdófar freisin leis an téarma ‘constaic thrasteorann’ constaic thrasteorann amháin nó níos mó atá nasctha le comhad trasteorann.

Caibidil II

Pointí comhordúcháin trasteorann agus údaráis ábhartha

Airteagal 4

Pointí comhordúcháin trasteorann a bhunú

1. Féadfaidh na Ballstáit, ar bhonn a gcreata institiúidigh agus dhlíthiúil, pointe comhordúcháin trasteorann amháin nó níos mó a bhunú ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, i gcomhréir le míreanna 2 agus 3.

I gcás ina gcinneann Ballstát pointe comhordúcháin trasteorann amháin nó níos mó a bhunú le haghaidh cuid dá réigiún teorann, agus lena n-aghaidh sin amháin, ní cheanglófar air pointí comhordúcháin trasteorann a bhunú le haghaidh a chuid réigiún teorann eile.

I gcás ina bhfuil teorainneacha talún agus muirí araon ag Ballstát le Ballstát eile agus ina gcinneann sé pointe comhordúcháin trasteorann amháin nó níos mó a bhunú, ní cheanglófar air pointe comhordúcháin trasteorann a bhunú le haghaidh aon cheann dá theorainn mhuirí a roinntear leis an mBallstát sin.

2. Féadfaidh dhá Bhallstát chomharsanacha nó níos mó a chinneadh pointe comhordúcháin trasteorann comhpháirteach atá inniúil ar cheann amháin nó níos mó dá réigiúin trasteorann a bhunú.

3. I gcás ina gcinneann Ballstát pointe comhordúcháin trasteorann amháin nó níos mó a bhunú, bunófar gach pointe comhordúcháin trasteorann mar a leanas:
- (a) cuid d'údarás, de chomhlacht dlí phoiblí nó d'eintiteas buan atá ann cheana, lena n-áirítear trí chúraimí breise an phointe comhordúcháin trasteorann a chur de chúram ar an údarás sin, ar an gcomhlacht dlí phoiblí sin nó ar an eintiteas buan sin; nó
 - (b) údarás, comhlacht dlí phoiblí nó eintiteas buan ar leithligh.
4. Áiritheoidh na Ballstáit, laistigh de 2 mhí ó glacadh cinneadh lena mbunaítear pointe comhordúcháin trasteorann, go mbeidh a shonraí teagmhála agus an fhaisnéis a bhaineann lena chúraimí:
- (a) curtha ar fáil ar shuíomh gréasáin an údaráis, an chomhlachta dlí phoiblí nó an eintitis bhuain a bunaíodh mar phointe comhordúcháin trasteorann agus ar shuíomhanna gréasáin na gclár ábhartha de chuid Interreg A dá dtagraítear in Airteagal 36(2) de Rialachán (AE) 2021/1059; agus
 - (b) tarchurtha go leictreonach chuig an gCoimisiún ag an am céanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Áiritheoidh na Ballstáit go gcoimeádfar na sonraí teagmhála agus an fhaisnéis sin cothrom le dáta.

Áiritheoidh na Ballstáit infheictheacht agus inrochtaineacht an phointe comhordúcháin trasteorann.

Airteagal 5

Príomhchúraimí na bpointí comhordúcháin trasteorann

1. Déanfaidh gach pointe comhordúcháin trasteorann idirchaidreamh leis an tionscnóir mar a fhoráiltear in Airteagail 9 agus 10 agus, i gcás inarb infheidhme, in Airteagail 11 agus 12.

Beidh an pointe comhordúcháin trasteorann a gcuireann an tionscnóir a chomhad trasteorann faoina bhráid, gan beann ar é a bheith náisiúnta, réigiúnach nó comhpháirteach, ina phointe teagmhála aonair don tionscnóir maidir leis an measúnú ar an gcomhad trasteorann faoi Chaibidil III agus, i gcás inarb infheidhme, faoi Chaibidil IV.

2. Cinnfidh na Ballstáit an bhféadfaidh pointí comhordúcháin trasteorann gníomhú ar chomhad trasteorann thar a gceann féin nó an mbeidh siad freagrach as cumarsáid a dhéanamh leis an tionscnóir thar ceann an údaráis inniúil, agus as sin amháin, i gcomhréir le mír 1.
3. Cinnfidh na Ballstáit, ina n-aonar sa chás dá dtagraítear in Airteagal 4(1) nó go comhpháirteach sa chás dá dtagraítear in Airteagal 4(2), dáileadh na gcúraimí agus na nósanna imeachta seo a leanas arna mbunú faoi Chaibidlí II agus III agus, i gcás inarb infheidhme, faoi Chaibidil IV idir an pointe comhordúcháin trasteorann agus an t-údarás inniúil:
 - (a) measúnú a dhéanamh ar na comhaid trasteorann uile, i gcomhréir le hAirteagal 9;
 - (b) trédhearcacht agus rochtain ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4(4) agus san Iarscríbhinn a áirithiú;

- (c) réitigh ar chonstaicí trasteorann a bhaineann lena gcríoch a ullmhú agus a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagail 9 agus 10 agus, i gcás inarb infheidhme, le hAirteagail 11 agus 12;
- (d) idirchaidreamh a dhéanamh leis an bpointe comhordúcháin trasteorann nó leis na pointí comhordúcháin trasteorann nó, ina éagmais sin, leis an údarás ábhartha nó leis na húdaráis ábhartha sa Bhallstát comharsanach nó sna Ballstáit chomharsanacha, i gcomhréir le hAirteagal 9(4);
- (e) idirchaidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún agus tacú leis le linn dó na cúraimí comhordúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13 a dhéanamh, go háirithe an clár dá dtagraítear in Airteagal 13(1), pointe (a), a thabhairt cothrom le dáta, trí fhaisnéis a sholáthar uair sa bhliain ar a laghad faoi gach comhad trasteorann a phróiseáiltear, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn.

Airteagal 6

Faisnéis faoin údarás ábhartha

1. I gcás nach bhfuil pointe comhordúcháin trasteorann amháin nó níos mó bunaithe ag Ballstát, cuirfidh sé faisnéis faoin údarás ábhartha faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 13(2) agus leis an Iarscríbhinn.
2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo ach maidir leis na Ballstáit sin a bhfuil réigiúin teorann talún dá dtagraítear in Airteagal 2(1) acu.

Caibidil III

Comhaid trasteorann

Airteagal 7

Comhaid trasteorann a ullmhú agus a thíolacadh

1. Ullmhóidh an tionscnóir comhad trasteorann i gcomhréir le hAirteagal 8.
2. Cuirfidh an tionscnóir an comhad trasteorann faoi bhráid an phointe comhordúcháin trasteorann i gceann de na Ballstáit ar ina gcríoch atá an limistéar geografach lena mbaineann an chonstaic thrasteorann líomhnaithe.
3. I gcás ina ndéantar comhaid trasteorann maidir leis an gconstaic thrasteorann chéanna a thíolacadh in dhá Bhallstát chomharsanacha nó níos mó, déanfaidh a bpointí comhordúcháin trasteorann faoi seach idirchaidreamh le chéile chun a chinneadh cé acu a láimhseálfadh an comhad trasteorann. Aistreoidh na pointí comhordúcháin trasteorann eile a gcomhaid trasteorann dá réir sin.

Airteagal 8

Ábhar na gcomhad trasteorann

1. Beidh na gnéithe seo a leanas ar a laghad sa chomhad trasteorann:
 - (a) tuairisc ar an idirghníomhaíocht trasteorann agus ar a comhthéacs;

- (b) tuairisc ar an bhfadhb a eascraíonn as constaic thrasteorann;
 - (c) an chúis leis an ngá atá leis an gconstaic thrasteorann a réiteach;
 - (d) i gcás ina bhfuil sé ar fáil, tuairisc ar thionchar diúltach na constaise trasteorann ar fhorbairt an réigiúin trasteorann;
 - (e) an limistéar geografach lena mbaineann;
 - (f) i gcás inarb eol sin agus i gcás inarb ábhartha, an tréimhse ama a mheastar a bheadh riachtanach chun maolú ar an gconstaic thrasteorann nó eisceacht ón gconstaic thrasteorann a chur i bhfeidhm nó chun an chonstaic thrasteorann a bhaint;
 - (g) i gcás inarb eol sin, faisnéis maidir le cé acu a cuireadh nó nár cuireadh comhad trasteorann a bhaineann leis an gconstaic thrasteorann líomhnaithe chéanna faoi bhráid pointe comhordúcháin trasteorann eile.
2. Féadfaidh an tionscnóir an chonstaic thrasteorann a shainaithint freisin agus, más féidir, an téacs a mholadh le haghaidh maolú ar an gconstaic thrasteorann, nó le haghaidh eisceacht uirthi, nó chun an chonstaic thrasteorann a réiteach trí bhíthin réiteach dlí *ad hoc*.
3. Beidh an limistéar geografach dá dtagraítear i mír 1, pointe (e), teoranta don íosmhéid is gá chun an chonstaic thrasteorann a réiteach ar bhealach éifeachtach.

Airteagal 9
Céimeanna measúnúcháin

1. Déanfaidh an pointe comhordúcháin trasteorann nó an t-údarás inniúil measúnú ar gach comhad trasteorann a thíolactar de bhun Airteagail 7 agus 8, agus sainaithneoidh sé an chonstaic thrasteorann, más ann di.
2. Laistigh de 2 mhí ón dáta a thíolactar an comhad trasteorann, féadfaidh an pointe comhordúcháin trasteorann nó an t-údarás inniúil a iarraidh ar an tionscnóir an comhad trasteorann a shoiléiriú nó faisnéis shonrach bhreise a thíolacadh.

Más rud é, tar éis na gcéimeanna measúnúcháin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus sa chéad fhomhír den mhír seo, nach bhfuil na gnéithe uile a cheanglaítear le hAirteagal 8(1) sa chomhad trasteorann, féadfaidh an pointe comhordúcháin trasteorann nó an t-údarás inniúil an comhad a dhúnadh, agus na cúiseanna leis sin á leagan amach aige, agus cuirfidh an pointe comhordúcháin trasteorann an tionscnóir ar an eolas dá réir.

3. I gcás ina dtagann an pointe comhordúcháin trasteorann nó an t-údarás inniúil, tar éis dó measúnú a dhéanamh ar chomhad trasteorann, ar an tátal nach ann do chonstaic thrasteorann, féadfaidh an pointe comhordúcháin trasteorann nó an t-údarás inniúil an comhad a dhúnadh, agus na cúiseanna leis sin á leagan amach aige, agus cuirfidh an pointe comhordúcháin trasteorann an tionscnóir ar an eolas dá réir.

4. I gcás ina dtagann an pointe comhordúcháin trasteorann nó an t-údarás inniúil, tar éis dó measúnú a dhéanamh ar chomhad trasteorann, ar an tátal go dtagann an chonstaic thrasteorann líomhnaithe faoi inniúlacht Ballstáit eile, rachaidh sé i dteagmháil leis an bpointe comhordúcháin trasteorann sa Bhallstát eile sin nó, ina éagmais sin, leis an údarás ábhartha sa Bhallstát sin.

I gcás ina n-aontaíonn an pointe comhordúcháin trasteorann sin nó an t-údarás ábhartha sin leis sin, aistreoidh an pointe comhordúcháin trasteorann an fhaisnéis ábhartha uile chuige, agus cuirfidh sé an tionscnóir ar an eolas láithreach dá réir.

5. I gcás ina dtagann an pointe comhordúcháin trasteorann nó an t-údarás inniúil, tar éis dó measúnú a dhéanamh ar chomhad trasteorann, ar an tátal gur ann do chonstaic thrasteorann, féadfaidh sé dul i dteagmháil le pointe comhordúcháin trasteorann nó, ina éagmais sin, le húdarás ábhartha Ballstáit chomharsanaigh nó Ballstát comharsanach.

6. Féadfaidh an pointe comhordúcháin trasteorann nó an t-údarás inniúil sa Bhallstát lena mbaineann an chonstaic thrasteorann leanúint ar aghaidh ar cheann de na bealaí seo a leanas:

- (a) i gcás inar féidir, brath ar chomhaontú idirnáisiúnta atá i bhfeidhm, bíodh sé déthaobhach nó iltaobhach, earnáilsonrach nó ilearnálach, lena ndéantar foráil maidir le sásra chun constaicí trasteorann den sórt sin a réiteach idir na Ballstáit is páirtithe i gcomhaontú den sórt sin;
- (b) i gcás inarb infheidhme, dul ar iontaoibh nósanna imeachta eile atá ann cheana faoi dhlí an Bhallstáit lena mbaineann;

- (c) sásraí *ad hoc* a chruthú;
- (d) an Uirlis um Éascú Trasteorann a leagtar síos i gCaibidil IV a chur i bhfeidhm, ina haonar nó, más gá agus má chomhaontaítear é, i gcomhpháirt leis an mBallstát comharsanach;
- (e) roghnú gan an chonstaic a réiteach agus an comhad a dhúnadh.

Chun críocha pointe (a), maidir le réiteach na constaice trasteorann, lena n-áirítear gnéithe amhail na gníomhaithe lena mbaineann agus an nós imeachta atá le leanúint, go háirithe chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an mBallstát comharsanach agus chun comhoibriú leis, is le forálacha an chomhaontaithe sin amháin a rialófar an réiteach sin.

Airteagal 10

Faisnéis atá le soláthar don tionscnóir

1. Cuirfidh an pointe comhordúcháin trasteorann an tionscnóir ar an eolas i scríbhinn faoi na céimeanna measúnúcháin arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 9, laistigh den teorainn ama chaighdeánach dá bhforáiltear leis an dlí náisiúnta chun freagra a thabhairt ar iarraidh choibhéiseach.
2. I gcás nach bhforáiltear do theorainn ama den sórt sin leis an dlí náisiúnta, beidh feidhm ag na teorainneacha ama seo a leanas:
 - (a) 3 mhí ón dáta a gheobhaidh an pointe comhordúcháin trasteorann an comhad trasteorann le haghaidh na gcéimeanna measúnúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9(2), an dara fomhír;

- (b) 6 mhí ón dáta a gheobhaidh an pointe comhordúcháin trasteorann an comhad trasteorann le haghaidh na gcéimeanna measúnúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9(3), (4), (5) agus (6).

3. San fhaisnéis atá le soláthar faoi mhír 1, léireofar an méid seo a leanas:

- (a) na céimeanna measúnúcháin a glacadh, na cúiseanna leis sin agus, i gcás ina bhfuil fáil orthu, na conclúidí ar thángthas orthu; agus
- (b) cad iad na modhanna sásaimh dhlíthiúil atá ar fáil don tionscnóir faoin dlí náisiúnta i gcoinne na gcéimeanna measúnúcháin sin.

Beidh an sásamh dlíthiúil teoranta d'fhíorú a dhéanamh ar an urraim do chearta nós imeachta dá dtagraítear sa Rialachán seo.

4. Féadfar an teorainn ama dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a fhadú i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le nósanna imeachta comhchosúla. In éagmais rialacha náisiúnta den sórt sin, féadfar na teorainneacha ama faoi mhír 2 den Airteagal seo a fhadú 3 mhí ar a mhéad i gcás ina dtagann pointe comhordúcháin trasteorann nó údarás inniúil ar an tátal go bhfuil gá le níos mó ama chun anailís dhlíthiúil nó comhairliúcháin a dhéanamh laistigh den Bhallstát nó chun comhordú a dhéanamh leis an mBallstát comharsanach, de bhun Airteagal 9(1).

Caibidil iv

Uirlis um Éascú Trasteorann

Airteagal 11

Nós imeachta

1. Má chinneann an pointe comhordúcháin trasteorann nó an t-údarás inniúil an Uirlis um Éascú Trasteorann a chur i bhfeidhm, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear san Airteagal seo.
2. I gcás inar tháinig an pointe comhordúcháin trasteorann nó an t-údarás inniúil ar an tátal gur ann do chonstaic thrasteorann, cuirfidh sé an tionscnóir ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:
 - (a) an chonstaic thrasteorann a sainaitníodh;
 - (b) na chéad chéimeanna eile, bíodh réiteach na constaice trasteorann mar thoradh orthu nó ná bíodh, agus, más ábhartha, cé acu de na nósanna imeachta faoi mhíreanna 4 agus 5 a bhfuil feidhm acu.
3. Tar éis dó measúnú a dhéanamh ar an gcomhad trasteorann agus an chonstaic thrasteorann a shainaithint, comhroinnfidh an pointe comhordúcháin trasteorann faisnéis ábhartha faoin gconstaic thrasteorann sin leis an bpointe comhordúcháin trasteorann nó, ina éagmais sin, leis an údarás ábhartha sa Bhallstát comharsanach. Féachfaidh na pointí comhordúcháin trasteorann le nósanna imeachta comhthreomhara a bhaineann leis an gconstaic thrasteorann chéanna a sheachaint.

4. I gcás inarb é atá sa chonstaic thrasteorann foráil nó cleachtas riaracháin agus ina measann an pointe comhordúcháin trasteorann nó an t-údarás inniúil nach mbeadh gá le leasú ar fhoráil reachtach chun an chonstaic a réiteach, rachaidh an pointe comhordúcháin trasteorann nó an t-údarás inniúil i dteagmháil leis an údarás inniúil atá freagrach as an bhforáil nó cleachtas riaracháin chun a fháil amach an leor leasú ar an bhforáil riaracháin sin nó athrú sa chleachtas chun an chonstaic thrasteorann a réiteach agus an mbeadh an t-údarás sin toilteanach í a leasú nó é a athrú dá réir.

Cuirfear an tionscnóir ar an eolas i scríbhinn laistigh de 8 mí ón dáta a thíolactar an comhad trasteorann de bhun Airteagal 7.

5. I gcás inarb é atá sa chonstaic thrasteorann foráil reachtach, rachaidh an pointe comhordúcháin trasteorann nó an t-údarás inniúil i dteagmháil leis an údarás inniúil atá freagrach as an bhforáil reachtach chun a fháil amach an bhféadfaí an chonstaic thrasteorann a réiteach le leasú, amhail maolú ar an bhforáil reachtach is infheidhme nó eisceacht uirthi, agus an mbeadh an t-údarás inniúil toilteanach na céimeanna is gá a ghlacadh chun nós imeachta reachtach a sheoladh chun leasú den sórt sin a dhéanamh i gcomhréir le creat institiúideach agus dlíthiúil an Bhallstáit lena mbaineann.

Cuirfear an tionscnóir ar an eolas i scríbhinn laistigh de 8 mí ón dáta a thíolactar an comhad trasteorann de bhun Airteagal 7.

6. I gcás inar cuireadh comhaid trasteorann a bhaineann leis an gconstaic thrasteorann chéanna faoi bhráid pointí comhordúcháin trasteorann in dhá Bhallstát chomharsanacha nó níos mó, cinnfidh gach ceann de na pointí comhordúcháin trasteorann sin an bhfuil feidhm ag an nós imeachta faoi mhíreanna 4 nó 5 ina mBallstát faoi seach agus déanfaidh siad idirchaidreamh le chéile.
7. I gcás nach bhfuil an pointe comhordúcháin trasteorann in ann freagra a thabhairt don tionscnóir laistigh den teorainn ama 8 mí a leagtar síos i mír 4, an dara fómhír, nó i mír 5, an dara fómhír, de bharr anailís dhlíthiúil leanúnach, comhairliúcháin laistigh dá Bhallstát nó comhordú leis an mBallstát comharsanach, nó i gcás ina leasaíonn údarás inniúil nó ábhartha an Bhallstáit comharsanaigh foráil riaracháin nó ina n-athraíonn sé cleachtas, nó ina seolann sé nós imeachta reachtach, cuirfear an tionscnóir ar an eolas i scríbhinn faoin gcúis leis an moill agus faoi amlíne na freagartha.

Airteagal 12

Céimeanna deiridh

1. Déanfaidh an pointe comhordúcháin trasteorann, ar bhonn a mheasúnaithe a rinneadh de bhun Airteagal 9 agus i gcomhréir leis an bhfaisnéis a fuarthas faoi Airteagal 11(3), an tionscnóir a chur ar an eolas i scríbhinn faoi thoradh an nós imeachta, is é sin:
 - (a) toradh aon nós imeachta arna dhéanamh faoi;

- (b) toradh nós imeachta faoi Airteagal 11(5), lena n-áirítear i gcás inarb ábhartha, seoladh nós imeachta reachtaigh nó leasú ar aon fhoráil reachtach;
- (c) nach réiteofar an chonstaic thrasteorann;
- (d) na cúiseanna le haon seasamh a glacadh faoi phointe (a), (b) nó (c);
- (e) an teorainn ama le haghaidh sásamh dlíthiúil faoin dlí náisiúnta, más ann dó.

Chun críocha phointe (e), in éagmais teorainn ama den sórt sin faoin dlí náisiúnta, tabharfar 6 mhí don tionscnóir sásamh dlíthiúil a iarraidh.

Beidh an sásamh dlíthiúil teoranta d'fhíorú a dhéanamh ar an urraim do chearta nós imeachta de bhun an Rialacháin seo.

2. I gcás inar chinn an pointe comhordúcháin trasteorann nó an t-údarás inniúil an chonstaic thrasteorann a réiteach trí bhíthin an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 11(5), déanfaidh sé an méid seo a leanas:

- (a) pointe comhordúcháin trasteorann an Bhallstáit chomharsanaigh a chur ar an eolas;
- (b) an tionscnóir a chur ar an eolas faoi na céimeanna is tábhachtaí maidir leis an leasú ar an bhforáil reachtach, lena n-áirítear i gcás inarb ábhartha, ar nós imeachta reachtach a seoladh chun an fhoráil reachtach lena mbaineann a leasú ionas go réiteofar an chonstaic thrasteorann nó an cinneadh críochnaitheach lena ndúntar an nós imeachta.

Cuirfidh an pointe comhordúcháin trasteorann an tionscnóir ar an eolas freisin i gcás ina bhfuil nós imeachta reachtach seolta ag údarás inniúil an Bhallstáit chomharsanaigh chun foráil reachtach a leasú.

3. I gcás ina dtagann an Ballstát lena mbaineann agus an Ballstát comharsanach ar an tátal go bhfuil siad araon toilteanach nós imeachta reachtach a sheoladh chun a bhforáil reachtach faoi seach a leasú, chun a bhforáil riaracháin faoi seach a leasú nó chun a gcleachtas faoi seach a athrú, déanfaidh siad amhlaidh i ndlúthchomhar lena chéile, i gcomhréir lena gcreataí institiúideacha agus dlíthiúla faoi seach. Leis an gcomhordú sin, féadfar uainiú na nósanna imeachta a chumhdach agus, i gcás inarb ábhartha, d'fhéadfaí comhchoiste comhdhéanta d'ionadaithe ó na húdaráis inniúla agus ó na pointí comhordúcháin trasteorann a bhunú mar thoradh air sin.

Caibidil v

forálacha críochnaitheacha

Airteagal 13

Cúraimí comhordúcháin an Choimisiúin

1. Déanfaidh an Coimisiún na cúraimí comhordúcháin seo a leanas:
 - (a) clár poiblí aonair de chuid an Aontais de chomhaid trasteorann a chur ar bun agus a choinneáil ar bun;
 - (b) idirchaidreamh a dhéanamh leis na pointí comhordúcháin trasteorann;

- (c) tacú le feabhas a chur ar an acmhainneacht institiúideach sna Ballstáit atá riachtanach chun an Rialachán seo a chur chun feidhme go héifeachtúil;
- (d) an malartú taithí idir na Ballstáit agus go háirithe idir na pointí comhordúcháin trasteorann a chur chun cinn;
- (e) liosta de phointí comhordúcháin trasteorann náisiúnta agus réigiúnacha uile a fhoilsiú agus a choinneáil cothrom le dáta.

2. Tacóidh na Ballstáit le cúraimí comhordúcháin an Choimisiúin dá dtagraítear i mír 1, pointe (d), den Airteagal seo i gcomhréir le hAirteagal 5(3), pointe (e), nó trí fhaisnéis a thíolacadh go bliantúil i gcomhréir leis an Iarscríbhinn.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír den mhír seo ach maidir leis na Ballstáit a bhfuil réigiúin teorann talún dá dtagraítear in Airteagal 2(1) acu.

Airteagal 14

Faireachán agus tuairisciú

Faoi ... [60 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste na Réigiún agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

Airteagal 15
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil* an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

IARSCRÍBHINN

MALARTÚ SONRAÍ LEICTREONACH IDIR NA BALLSTÁIT AGUS AN COIMISIÚN

Tá an fhaisnéis a iarrtar san Iarscríbhinn seo le soláthar i gceann de theangacha oifigiúla institiúidí an Aontais.

Roinn 1

Faisnéis arna soláthar ag Ballstáit a bhfuil pointí comhordúcháin trasteorann acu

1. Liosta na bpointí comhordúcháin trasteorann

An fhaisnéis a sholáthraíonn na Ballstáit faoi gach pointe comhordúcháin trasteorann sa tábla thíos, áirítear í i liosta na bpointí comhordúcháin trasteorann a fhoilsíonn an Coimisiún ar líne.

Ainm an phointe comhordúcháin trasteorann	Cód an phointe comhordúcháin trasteorann	Seoladh poist	Seoladh gréasáin ¹	Uimhir theileafóin	Cumhdach geografach ²	Dáta a ainmnithe/a bhunaithe	Tagairt dhlíthiúil dá ainmniú/dá bhunú	Príomhchúraimi ³

Bunús: Airteagal 4(4) agus Airteagal 13(1), pointe (e)

¹ De bhun Airteagal 5(3), pointe (e).

² Le sonrú i gcás pointe comhordúcháin trasteorann comhpháirteach arna bhunú de bhun Airteagal 4(2).

³ De bhun Airteagal 5(1) agus (2).

2. Sonraí teagmhála na bpointí comhordúcháin trasteorann

Leis an bhfaisnéis a sholáthraíonn na Ballstáit le haghaidh gach pointe comhordúcháin trasteorann sa tábla thíos, cuirtear ar chumas an Choimisiúin a chúraimí comhordúcháin, fothaithe acmhainneachta agus comhroinnte eolais a dhéanamh. Ní chuirtear an fhaisnéis seo ar fáil go poiblí.

Duine teagmhála	Post	Seoladh ríomhphoist	Uimhir theileafóin

Bunús: Airteagal 4(4)

3. Faisnéis le haghaidh chlár poiblí aonair an Aontais de chomhaid trasteorann

An fhaisnéis a sholáthraíonn na pointí comhordúcháin trasteorann nó na húdaráis inniúla maidir le gach comhad trasteorann sa tábla thíos, áirítear í i gclár poiblí aonair an Aontais de chomhaid trasteorann a fhoilsíonn an Coimisiún ar líne. Leis an bhfaisnéis sin, cuirtear ar chumas an Choimisiúin a chúraimí comhordúcháin, fothaithe acmhainneachta agus comhroinnte eolais a dhéanamh.

Cód an chomhaid	
Teideal an chomhaid	[200] ⁴
An dáta a fuair an pointe comhordúcháin trasteorann é	
Dátaí le haghaidh cumarsáid leis an gCoimisiún	(a) an chéad tíolacadh; (b) tíolacthaí breise
Tuairisc ar an gconstaic	[5 000]
Ainm an tionscnóra	
Limistéar geografach na constaice ⁵	

⁴ Tagraíonn na huimhreacha sna lúibíní cearnacha do líon na gearachtar nach spásanna iad..

⁵ Cód NUTS 3 an aonaid chríocheaigh nó na n-aonad críochach lena mbaineann an chonstaic thrasteorann. Mura mbaineann an chonstaic ach le cuid d'aonad críochach amháin nó níos mó, is féidir cóid Aonaid Riaracháin Áitiúil (cóid ARÁ) na gcodanna sin a chur in ionad chóid NUTS 3.

Staid an chomhaid	1 — Gan measúnú déanta air go fóill; 2 — Faisnéis bhreise ar feitheamh ón tionscnóir⁶ nó dúnta mar gheall ar easpa faisnéis leordhóthanach ón tionscnóir⁷; 3 – Níor sainaithníodh aon chonstaic nó tá an chonstaic lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo; 4 – Dúnadh an comhad mar gheall ar a dhúbláil⁸; 5 – Measúnú déanta air, agus gníomhaíocht bhreise le cinneadh; 6 – Aistríodh an comhad chuig pointe comhordúcháin trasteorann eile nó chuig údarás ábhartha⁹; 7 – Próiseas chun réiteach féideartha a chur i ngníomh faoin Uirlis um Éascú Trasteorann; 8 – Próiseas chun réiteach féideartha a chur i ngníomh faoi ionstraim eile¹⁰; 9 – Réitíodh an chonstaic (i bpáirt nó go hiomlán)¹¹; 10 – Cinneadh gan an chonstaic a réiteach.
Rinneadh an comhad a mhodhnú go deireanach an (dáta)	
Tuairisc ar an obair leantach	[5 000] más infheidhme
Tagairt dhlíthiúil don réiteach a cuireadh chun feidhme ¹²	Más infheidhme
Leathanach gréasáin don chomhad	Más infheidhme
Foilseacháin ar an gcomhad	Más infheidhme

Bunús: Airteagal 5(3), pointe (e) agus Airteagal 13(1), pointe (a)

⁶ De bhun Airteagal 9(2).

⁷ De bhun Airteagal 9(2), an dara fomhír.

⁸ Más infheidhme, sonraigh cód comhaid an chomhaid a fhanann ar oscailt i gcás comhaid chomhchosúla.

⁹ Más infheidhme, sonraigh cód comhaid an chomhaid a fhanann ar oscailt i gcás comhaid chomhchosúla.

¹⁰ Más infheidhme, sonraigh cineál na hionstraime atá beartaithe nó a úsáidtear de bhun Airteagal 9(6), pointí (a), (b) agus (c).

¹¹ Más infheidhme, sonraigh cibé acu ar réitíodh an chonstaic go páirteach nó go hiomlán.

¹² Más infheidhme, tagairt don ghníomh dlí nó riaracháin lenar cuireadh réiteach (fiú réiteach páirteach) chun feidhme.

4. Sonraí teagmhála na dtionscnóirí

Is ar bhonn roghnach a sholáthraíonn na Ballstáit an fhaisnéis le haghaidh gach comhaid trasteorann sa tábla thíos. Leis an bhfaisnéis sin, cuirtear ar chumas an Choimisiúin a chúraimí fothaithe acmhainneachta agus comhroinnte eolais a dhéanamh. Ní dhéantar an fhaisnéis seo a phróiseáil ach le cead saor agus follasach an duine agus níl sí le cur ar fáil go poiblí.

Teagmhálaí an tionscnóra	Post	Seoladh ríomhphoist

Bunús: Airteagal 5(3), pointe (e), agus Airteagal 13(1), pointe (a)

Roinn 2

Faisnéis arna soláthar ag Ballstáit nach bhfuil pointí comhordúcháin trasteorann acu

1. Liosta na n-údarás ábhartha

An fhaisnéis a sholáthraíonn na Ballstáit faoi gach údarás ábhartha sa tábla thíos, áirítear í i liosta na n-údarás ábhartha a fhoilsíonn an Coimisiún ar líne.

Ainm an údaráis ábhartha	Seoladh poist	Uimhir theileafóin

Bunús: Airteagal 6(1)

2. Faisnéis ó Bhallstáit nach bhfuil aon phointe comhordúcháin trasteorann acu, atá le tíolacadh go bliantúil faoin 31 Nollaig

Achoimre ar na príomhchéimeanna a glacadh le bliain anuas i ndáil leis an bhfaisnéis a fuarthas ó phointe comhordúcháin trasteorann amháin nó níos mó maidir le constaicí trasteorann a sainaithníodh, lena n-áirítear léiriú ar aon ghníomhaíocht a rinneadh chun iad a réiteach agus aon fhaisnéis ábhartha eile.	[8 000] ¹³
---	-----------------------

Bunús: Airteagail 13(1), pointe (a)

¹³ Tagraíonn na huimhreacha sna lúibíní cearnacha d'uaslíon na gearachtar, gan spásanna san áireamh.